# A Bheith i mBun Do Ghnó Féin

*Sula dtosaíonn sé, déanann an tUas. Meade na hintinní foghlama agus na critéir ratha a chomhroinnt leis an rang.*

Iarrann an tUas. Meade ar na scoláirí ransú intinne a dhéanamh ar gach rud atá ar eolas acu faoi fhiontraithe. Spreagann an tUas. Meade na scoláirí chun a oiread fiontraithe agus is féidir leo a ainmniú ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Músclaíonn sé sin aon réamheolas a bhíonn ag scoláirí. Tógtar a gcuid freagraí uathu.

Seinneann an tUas. Meade podchraoladh d'agallamh a rinneadh ar *Newstalk Breakfast* i mí Iúil 2015 le Jules Coleman de chuid www.hassle.com

Iarrann sé ar scoláirí na nithe seo a leanas a bhreacadh síos ina gcóipleabhair:

1. Fíricí agus eolas faoi Jules Coleman.
2. An áit as ar tháinig an smaoineamh don ghnó agus conas a forbraíodh é.
3. Sonraí ar an gcaoi ar tháinig éabhlú ar an ngnó agus an leagan amach atá air sa lá atá inniu ann.

Ansin oibríonn scoláirí ina ngrúpaí ag cur le chéile a gcuid faisnéise agus a thuairisciú ar ais don rang. Pléann an tUas. Meade le gach grúpa, ag breathnú, ag iniúchadh a gcuid oibre agus ag úsáid ceistiúchán éifeachtach chun tacú le smaointeoireacht na scoláirí.

Seinneann an tUas. Meade in athuair mír den phodchraoladh a bhaineann le soláthar agus éileamh agus iarrtar ar scoláirí nóta a dhéanamh den tábhacht a bhaineann leo don ghnólacht seo. I ndiaidh dóibh éisteacht leis an bpodchraoladh, téann scoláirí i mbun gníomhaíocht Smaoinigh-Péireáil-Roinn. Bíonn sé sin ansin ina chuid de phlé ranga níos leithne ina ndéantar na téarmaí a chíoradh chun a dtábhacht don ghnó go ginearálta a nochtadh. Iarrann sé ansin ar na scoláirí samplaí a thabhairt de sholáthar agus d'éileamh ina gcomhthéacs féin (m.s. margadh aistrithe peileadóirí)

Tugann an tUas. Meade isteach straitéis Mhata Boird do scoláirí chun gur féidir leo obair a dhéanamh i ngrúpaí de cheathrar agus teacht ar liosta scileanna agus tréithe a bhaineann le fiontraithe. Ní mór do gach grúpa teacht ar chomhaontú agus na trí scileanna/tréithe is mó a rangú. Cuireann siad an chéad trí cinn a phioc siad in iúl don rang agus tiocfaidh siad go léir ansin ar chomhréiteach ginearálta maidir leis na trí scileanna/tréithe is tábhachtaí a cheapann siad a ba chóir a bheith ag fiontraí.

Tugtar treoir do scoláirí dul i mbun taighde, ina mbeirteanna, ar a rogha fiontraí. Cuimseoidh an taighde sin:

1. Eolas cúlra ar an bhfiontraí
2. Conas a d'aithin siad an deis don táirge nó don tseirbhís acu
3. Scileanna agus tréithe is féidir leo a aithint san fhiontraí seo.

Tá sé seo le cur i láthair ar phóstaer A3 a bheidh le crochadh ar bhalla sa seomra ranga. Tugann an tUas. Meade aon tacaíocht atá uathu do na scoláirí.

START UP